Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh
GA
Sraith C

C/2026/3470
25.6.2026

**Fógra le haghaidh duine áirithe a chumhdaítear leis na bearta sriantacha dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

(C/2026/3470)

Dírítear aird Sayed Hojatollah QUREISHI (1264), Abdollah MEHRABI (1270), Hamid VAHEDI (1271), Kirill Alekseevich LYSOGORSKY (1437) agus Yaroslav Yuryevich DRONOV (1766), ar daoine iad a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin [2].

Tá an Chomhairle ag brath ar na bearta sriantacha i gcoinne na ndaoine thuasluaite a choinneáil ar bun bunaithe ar ráitis leasaithe ar chúiseanna agus/nó ar fhianaise thacaíochta bhreise.

Cuirtear in iúl leis seo do na daoine sin lena mbaineann go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le faisnéis a bhaineann lena n-ainmniú a choinneáil ar bun a fháil, faoin 3 Iúil 2026, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

(1) IO L 78, 17.3.2014, lch. 16.
(2) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.